An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**EUCO 43/24**

**CO EUR 37**
**PV/CO EUR 25**

**MIONTUAIRISCÍ**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (an 24 agus an 25 Márta 2022) |

Ag an gcruinniú a bhí aici an 17 Deireadh Fómhair 2024, d'fhormheas an Chomhairle Eorpach na miontuairiscí ó chruinniú an 24 agus an 25 Márta 2022, mar a leagtar amach sa doiciméad seo iad, agus chinn sí iad a chur ar fáil don phobal.

# CLÁR

**Leathanach**

1. Seisiún tuairimíochta le hUachtarán Stáit Aontaithe Mheiriceá 3

2. Seisiún tuairimíochta le hUachtarán Pharlaimint na hEorpa 3

3. Glacadh an chláir oibre 3

4. An fogha míleata atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin 3

5. Slándáil agus cosaint 4

6. Fuinneamh 4

7. Saincheisteanna eacnamaíocha 4

8. COVID-19 4

9. Caidreamh seachtrach 4

10. Uachtarán na Comhairle Eorpaí a thoghadh 5

11. Glacadh na gconclúidí 5

**1. Seisiún tuairimíochta le hUachtarán Stáit Aontaithe Mheiriceá**

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le hUachtarán na Stát Aontaithe, Joseph Robinette BIDEN, Jr, maidir le comhar trasatlantach i gcomhthéacs an fhogha mhíleata atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin.

**2. Seisiún tuairimíochta le hUachtarán Pharlaimint na hEorpa**

D'éist an Chomhairle Eorpach le hUachtarán Pharlaimint na hEorpa.

**3. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle Eorpach a clár oibre mar a leagtar amach in EUCO 2/22 é.

**4. An fogha míleata atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin**

Bhí seisiún tuairimíochta neamhfhoirmiúil ag an gComhairle Eorpach le hUachtarán na hÚcráine, Volodymyr ZELENSKYY, trí nasc físe.

Phléigh an Chomhairle Eorpach cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus an tacaíocht chomhordaithe pholaitiúil, airgeadais, ábharach agus dhaonnúil a chuireann an tAontas Eorpach ar fáil don Úcráin. Chomhaontaigh sí Ciste Iontaobhais Dlúthpháirtíochta don Úcráin a fhorbairt.

Tar éis smachtbhannaí suntasacha a ghlacadh i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise, tá an Chomhairle Eorpach réidh i gcónaí chun aon lúb ar lár a dhúnadh agus díriú ar aon teacht timpeall atá á dhéanamh nó a d'fhéadfaí a dhéanamh agus smachtbhannaí láidre breise a chur gan mhoill. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar gach tír í féin a ailíniú leis na smachtbhannaí sin.

Aithníonn an Chomhairle Eorpach na hiarrachtaí uile atá déanta go dtí seo chun fáilte a chur roimh dhídeanaithe atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin agus d'iarr sí ar an gCoimisiún pé tionscnaimh a bhfuil gá leo a chur ar bun chun na hiarrachtaí sin a éascú.

## 5. Slándáil agus cosaint

D’fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an Compás Straitéiseach agus d’iarr sí ar an gComhairle leanúint den obair i réimse na slándála agus na cosanta. Fillfidh sí ar an tsaincheist sin.

## 6. Fuinneamh

Phléigh an Chomhairle Eorpach ardphraghsanna fuinnimh agus conas aghaidh a thabhairt orthu. Fillfidh sí ar an tsaincheist sin.

## 7. Saincheisteanna eacnamaíocha

Thug an Chomhairle Eorpach treoir maidir le Margadh Aonair an Aontais agus thug sí aghaidh ar ardphraghsanna bia agus slándáil dhomhanda an tsoláthair bia. Phléigh sí réimsí tosaíochta beartais an tSuirbhé Bhliantúil don Fhás agus an dréachtmholadh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro. Tiocfaidh an Chomhairle Eorpach ar ais chuig na saincheisteanna sin.

## 8. COVID-19

D’athbhreithnigh an Chomhairle Eorpach na hiarrachtaí comhordúcháin a rinneadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 agus rinne sí a meas ar an dul chun cinn atá déanta maidir le himscaradh an chomhair idirnáisiúnta i réimse an rialachais dhomhanda sláinte agus na dlúthpháirtíochta. Fillfidh sí ar an tsaincheist sin.

## 9. Caidreamh seachtrach

Phléigh an Chomhairle Eorpach an caidreamh leis an tSín sa chomhthéacs nua domhanda agus d’ullmhaigh sí an cruinniú mullaigh idir an tAontas agus an tSín. Thug sí aghaidh freisin ar an ngéarchéim pholaitiúil atá ann le fada an lá sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin.

**10. Uachtarán na Comhairle Eorpaí a thoghadh**

Ghlac an Chomhairle Eorpach an Cinneadh lena n-atoghtar Charles MICHEL ina Uachtarán ar an gComhairle Eorpach don tréimhse ón 1 Meitheamh 2022 go dtí an 30 Samhain 2024 (EUCO 19/22).

**11. Glacadh na gconclúidí**

Ghlac an Chomhairle Eorpach na conclúidí, ina léirítear toradh a cuid plé, mar a leagtar amach in EUCO 1/22 iad.